

❁ An Lúibín ❁

10 Samhain 2008

Gaeilge Bhaile Átha Cliath

Much of Dublin – both county and city – was historically Irish-speaking. Colm Ó Broin, an Irish journalist, has gathered the arguments and the evidence and has made them available on the Web.

Tá an t-iriseoir Colm Ó Broin tar éis eolas an-suimiúil a chur ar fáil faoi Ghaeilge Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh cuid den eolas sin - os cionn 300 focal agus frása - i bhforlónadh speisialta de chuid *Lá Nua* ar 29/10/08. Sna daichidí a bailíodh a bhformhór. Ní hí an chathair amháin atá i gceist anseo, cé go raibh Gaeilge ann riamh: baineann an chuid is mó le ceantair i ndeisceart agus i dtuaisceart an chontae, agus tagann ceithre focail is fiche ó cheantar na Saoirsí i lár na cathrach féin.

Deir Colm go bhfuarthas an t-ábhar san iris *Béaloides* (1945 agus 1947) agus sna leabhair seo a leanas: *Fair Fingall* (roimh 1949), *Gaelic Dialect in East and Mid-Leinster* (1933) agus *An Ghaeilge i mBaile Átha Cliath* (1985). Bleácliathach is ea Colm, agus tá an t-ábhar go léir le léamh agus le plé ar a bhlag: <http://middleclassdub.blogspot.com>.

Tarraingíonn Colm anuas ceist na canúna a bhí ann. Ceist í a chuir roinnt scoláirí suim inti: shíl Seosamh Laoide (1910) gur bhain Gaeilge an chontae le Cúige Mumhan, ach shíl Donn Piatt (1933) gur le Cúige Uladh a bhain sí; deir Nicholas Williams (1994) gur Gaeilge Chúige Chonnacht a labhraí ann.

Is féidir an teorainn a bhí idir canúnacha Gaeilge a mheas de réir an Bhéarla a labhraítear anois ann; tá éiginnteacht ag roinnt leis an scéal i mBaile Átha Cliath mar go raibh seanchanúint Bhéarla, *Fingallian*, á labhairt i dtuaisceart an chontae agus gur scaipeadh Bhéarla na cathrach ó thuaidh, ach is cosúil, dar le Colm, gur rith an teorainn trí thuaisceart an chontae. Deir sé go bhfuil tuin Bhéarla na hAille leathshlí idir tuin na cathrach agus tuin Cho na Mí, agus gur cosúil dá bharr gur Gaeilge Ultach a bhíodh á labhairt sa chuid is sia ó thuaidh den chontae. (Bhí Gaeilge Ultach á labhairt lastuaidh de Bhaile Átha Cliath i gContae Lú, mar shampla.) Tá roinnt focal Béarla ann a thugann léargas ar an bhfuaimniú: féach 'cregg' (cnag) agus 'crig' (cniog), agus fuaimniú 'cr' de chuid Chonnacht/Uladh orthu in áit 'cn'. Féach freisin fianaise na logainmneacha - Cnoc Sheáin/*Crookshane*, Cnoc Slinne/*Crookslin* agus Cnocán Draigheanach/*Crockaundreenagh*. Tá fianaise eile le fáil i bhfuaimniú an fhocail 'dubh': Gleann Dubh/*Glendoo*, Sceach Dubh/*Skidoo*. Sin foghraíocht a bhaineann le Co Chill Mhantáin freisin, agus measann an scoláire Nicholas Williams gurb ionann béim an chontae agus béim Chúige Connacht. Deir Colm:

Is é an teoiric atá agam féin, mar sin, ná gurb í Gaeilge Thuaisceart Mhaigh Eo an chanúint bheo is cóngaraí don Ghaeilge a bhíodh á labhairt sa chuid is mó de Bhaile Átha Cliath, sé sin, Gaeilge Chonnacht agus tionchar áirithe ó Ghaeilge Uladh uirthi.

Taispeánann a bhfuil de logainmneacha Gaeilge sa chontae go raibh an teanga ann ó thús, agus luaitear gearán an Ard-Seansailéara Gerard in *The Calendar of State Papers* ó 1578, 'that all the English, and the most part with delight, even in Dublin, speak Irish'. Bhí Gaeilge le cloisteáil sna margat, agus rinneadh gearán sa bhliain 1657 go raibh Gaeilge á labhairt go forleathan sa chathair ag daoine ón tuath agus 'by and in several families in this city'. I suirbhé a rinne William Petty sa bhliain 1659 tugadh 'Irish' (cainteoirí dúchais, mar a shíltear) ar 26% de mhuintir na cathrach; agus thug sé 'Irish' ar 75% de mhuintir an chontae i suirbhé

de chuid na bliana 1659. B'fhiú le hArm na Breataine bileoga earcaíochta a scaipeadh i nGaeilge sa chathair sa bhliain 1806 agus bhí paidreacha Gaeilge i leabhair urnaí a chuir an Eaglais Chaitliceach amach i mBaile Átha Cliath anuas go dtí an bhliain 1847. Luaitear alt le Seán de Fréine (*The English Language in Ireland*, 1977) a deir go raibh Gaeilge á labhairt sa 19ú haois laisteas den Life sna Saoirsí, agus lastuaidh den Life freisin, soir ó Bhóthar na gCloch. Bhí na Baistigh ag múineadh trí Ghaeilge i scoil a bunaíodh sa bhliain 1815 i Lána Swift sna Saoirsí.

Bhíodh (agus bíonn fós, b'fhéidir) a leithéidí seo le cloisteáil sna Saoirsí:

"He's very glic."

"That's nothing but oul ráiméis."

"He's a right slíbhín."

"I'll put a bit of smacht on you, me bucko."

"I don't give a tráithnín."

Luann Colm cúpla frása suimiúil eile, ar nós 'To fall out of your standing' (*titim as do sheasamh*).

Bhailigh Donn Piatt (*Gaelic Dialect in East and Mid-Leinster*) a lán focal ó 'P. Ó Murchadha, of Bray, a native of Shankill,' sa bhliain 1933. Orthu sin bhí *amadán, bogán, broсна, cáibín, clábar, fústar, gáibín, páltóg, sram, suim agus súrán*. B'as Seanchill do mháthair an chainteora ach b'as tuaisceart Chill Mhantáin dá athair, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar fhuaimniú na bhfocal mar a bhailigh Piatt iad (bhí aird aige ar 'stress and other peculiarities'). Tháinig liosta fada ó lámh Peter Archer (1866-1949), fear a rugadh i bhFine Gall agus a scríobh *Fair Fingall*. Ag seo cuid den ábhar:

Aird (*Art*): "I searched every art and part".

Bí i do thost (*Buddahust*).

Breis (*Breash*): An lámh chuidithe a thugann cuairteoir agus bainne á mhaistriú. Tugtar 'giving a breash' ar an gcabhair seo, agus cuireann sí rath ar an obair.

Cnag (*Cregg*).

Cúl a' chinn (*Coolican*).

Fógra gaoithe (*Foogragee*): Duine cabach a sceithfeadh rún ar bith.

Glám (*Claum/Glaum*): "He began to glawm about in the dark".

Mar dhea (*Mawryah*): "A gentleman mawryah".

Ná bac leis (*Nabocklish*).

Tálach (*Thaulach*): Pian sa ríosta tar éis babhta sclábhaíochta.

Tuilleadh (*Tilly*): Anseo, beagán sa bhreis agus bainne nó eile á roinnt.

Cibé canúint den Ghaeilge a bheidh ag na Bleácliathaigh agus ag muintir an chontae feasta, beidh roinnt rudaí eile ag dul i bhfeidhm uirthi seachas cuimhne na sinsear: tuin an Bhéarla, na canúintí eile, saol na teicneolaíochta. Is dócha gur i mBaile Átha Cliath a bheidh an Ghaeltacht chathrach is mó agus is saibhre, rud a fhágfaidh a rian ar an nGaeilge in áiteanna eile, sa bhaile agus i gcéin. Táimid faoi chomaoin ag Colm Ó Broin agus ag a leithéidí eile a mheabhraíonn dúinn go raibh teanga eile ann riamh, fiú amháin faoi chraiceann an Bhéarla.



Teangacha na Fraince

A French constitutional amendment has acknowledged for the first time that minority tongues are part of the country's cultural patrimony. But will this really help Breton and other languages?

I Mí an Mheithimh an bhliain seo dúirt L'Académie française, agus athrú bunreachtúil le plé i bparlaiminte na Fraince, gur mhór an botún aitheantas a thabhairt do theangacha réigiúnacha na Fraince toisc go ndéanfadh sé dochar d'fhéiniúlacht na tíre. Ní gá a rá gur thug a lán daoine 'seafóid' ar an tuairim seo. Chuirfeadh sé ionadh ar mhórán dá ndéarfaí leo go bhfuil deich dteanga réigiúnacha is ceithre fichid sa Fhrainc agus brúghrúpaí díograiseacha á gcur

Is fiú machnamh a dhéanamh air sin i bhfianaise léirmheasa a rinne Pól Ó Muirí le déanaí sa *Dublin Review of Books* ar *A New View of the Irish Language*, leabhar aistí faoi gach gné de staid na teanga mar atá sí anois.³

Deir Ó Muirí, agus iarracht den íoróin le haithint ar a bharúil, go bhfuil Ré Órga na Gaeilge tagtha. Ní raibh eagraíochtaí teanga chomh saibhir sin riamh, ná an oiread sin cosanta ag an teanga i gcúrsaí dlí, ná cairde chomh cumhachtach sin aici sa rialtas. Tá fiontraithe Gaeilge ann, irisí Idirlín, irisí agus nuachtáin chlóite, an t-uafás próis agus filíochta, teilifís agus raidió, aicme oilte d'iriseoirí agus de léachtóirí, foras chun an Ghaeltacht a chur chun cinn, foras trasteorann, lárionaid chultúrtha – agus, thar aon rud eile, lear airgid.

Is é a thuairimsean nach leor é sin, dá fheabhas é, agus gur cheart cuimhneamh ar thábhacht na Gaeltachta, tábhacht atá á ligean i ndearmad. Síltear anois, dar leis, nach bhfuil sa Ghaeltacht ach cuid eile den 'earnáil Ghaeilge' agus go bhfuil Gaeilge na cathrach lán chomh fóna le Gaeilge na gcainteoirí dúchais. Goilleann an bharúil sin air, agus deir sé gur beag Gaeilgeoir nach bhfiafraíonn de féin ó am go chéile cé chomh daingean is atá an greim atá aige ar an teanga. Admhaíonn sé go dtaispeánann an taighde is déanaí rud is léir do mhuintir na Gaeltachta féin – go bhfuil an Ghaeltacht i gcruachás mar limistéar teanga. Deir sé gur cúis áthais agus iontais é go bhfuil aon chuid di beo fós, agus gur sárлуachmhar í an teanga a labhraítear ann.

Tá bun lena ndeir sé, ach ní labhraíonn thar 10% de phobal na hÉireann Gaeilge go rialta, agus Gaeilgeoirí is ea a bhformhór. Ní raibh sa Ghaeltacht riamh ach iarsma den rud a bhí: faoin am seo is é an meath a staid nádúrtha. Má tá bunús ar bith leis na figiúirí, is garr go mbeidh an Béarla faoi réim ar fad ann, agus ansin caithfidh na Gaeilgeoirí teacht le cibé Gaeilge a d'fhág an saol acu, ar ais nó ar éigean – rud a dhéanann Gaeilgeoirí na hAstráile agus Mheiriceá Thuaidh cheana. Má chuireann feabhsú an churaclaim in Éirinn scata beag eile ag labhairt na teanga, sin urra eile lena beatha.



Gaeilge sna cúirteanna i dTuaisceart Éireann

The English-only rule in Northern Irish courts has been challenged.

Tá cosc ar Ghaeilge ó aimsir Sheoirse II i leith i gcúirteanna Thuisceart Éireann, de réir Acht Riartha an Cheartais (Teangacha) (Éire) 1737. Anois, faoi dheireadh, táthar ag thabhairt dhúshlán an dlí sin.

D'iarr Caoimhín Mac Giolla Chatháin ó Ghaeltacht Bhóthar Seoighe in mBéal Feirste Thiar ceadúnas díolta deoch le haghaidh oíche siamsaíochta i gCultúrlann McAdam Ó Fiach. Dúradh leis gur gá an t-iarratas a dhéanamh i mBéarla de réir an Achta, ach áitíodh go raibh sin bunoscionn le hAcht na gCearta Daonna agus le conarthaí Eorpacha.

Dúirt aturnae an iarrthóra go bhféadfadh an cás a léiriú cé chomh sásta is a bhí an rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn. Dúirt dlíodóir an taoibh eile gur ag Stormont féin a bhí an t-údarás chun an cheist a réiteach.

Tá an grúpa teanga POBAL ag tacú go tréan leis an gcúis, agus chuir a n-urlabhra in iúl go bhfuil cead ag daoine teanga eile a úsáid i gcúirteanna an Tuaiscirt mura bhfuil Béarla ar a dtoil acu. Is féidir Breatnais a úsáid i gcúirteanna na Breataine Bige ón mbliain 1942 i leith, agus in Albain is féidir Gàidhlig a úsáid i gcúirteanna áirithe más gá. Beidh an-suim i dtoradh an achomhairc sa chás seo.

³ *A New View of the Irish Language*, Caoilfhionn Nic Pháidín & Seán Ó Cearnaigh (eag.), Cois Life, E20, ISBN: 978 -1901176827

Seancoillte á leagan

The ancient forests of Gippsland are still being logged under the aegis of a state company, despite that company's own environmental brief.

An té a sheasann faoi scáth na gcrann ollmhór i seancoillte na hAstráile agus an raitheach ina thimpeall, tagann léargas aige ar shaol fíorársa atá imithe ón gcuid is mó den domhan, agus draíocht ag baint leis. Coillte iad atá á leagan ón 19ú haois i leith, cé go bhfuil a bhfuilleach le fáil fós sa Tasmáin agus i nGippsland in Victoria (dhá áit, dála an scéil, a ndearnadh eirleach ar na Bundúchasaigh).

I nGippsland tá VicForest, comhlacht stáit foraoiseachta, ag cúngú gan stad ar na seancoillte, beartas atá dícheallí agus é déanta amach ag Ollscoil Náisiúnta na hAstráile (ANU) go gcuireann na seancoillte i bhfad níos carbóin i dtaisce ná mar a síleadh go dtí seo. Deir na gníomhaithe glasa gur beag aird atá ag an rialtas anois ar an ngealltanais a thug sé na coillte sin a chosaint agus gur ceart na conraitheoirí a choinneáil amach nó go socrófar teorainneacha nua na Páirce Náisiúnta. Tá aird ag lucht caomhnaithe ar chúrsaí turasoireachta, agus níl aon amhras ná go mbeadh an-ráchairt ag turasoírí ar na coillte ársa seo. Deir Fundúireacht Chaomhnaithe na hAstráile (ACF) go bhfuil na mílte heicteár de sheancoillte leagtha ón mbliain 2006 i leith. Is é an chuid is amaídí den scéal gur sliseanna a dhéantar den chuid is mó den adhmaid sárluachmhar seo chun iad a onnmhairiú chun na Seapáine, agus nach bhfaigheann na sábhmuilte áitiúla ach an fuíoll.

Is fiú, mar sin, cuspóirí an chomhlachta a scrúdú ar www.vicforests.com.au, suíomh a mhaíonn go bhfuil VicForests freagrach as leagan inbhuanaithe na gcrann agus díol an adhmaid ó na státchoillte. Is é gnó an chomhlachta 'athchóiriú cuimsitheach na foraoise agus saothrú na gcrann, daoine a chur ag meabhrú ar luach na gcoillte dúchasacha, agus an leas is mó a bhaint as an adhmaid agus as na margaí'. Dualgas caomhnaithe agus dualgas tráchtála atá i gceist anseo, dhá rud nach bhfuil ag teacht go réidh le chéile, agus ba dhóigh leat ar iompar VicForest (d'ainneoin na ndea-bhriathar) gur ag cúrsaí tráchtála atá an lámh in uachtar.

Ag seo cúpla ceann de na cuspóirí atá ar an suíomh:

- Déanfar an fhoraois a riar ar son fheidhmiú éiceolaíoch agus shláine na gcoillte, agus aird ar na rudaí a leanas: an éagsúlacht bhitholaíoch agus a bhfuil ag baint léi, an t-uisce, an ithir, agus éiceachórais agus tírdhreachanna leochaileacha nach bhfuil a leithéidí eile ann.
- Déanfar monatóireacht de réir an tsaghas riaracháin atá i gceist d'fhonn na rudaí a leanas a mheas: staid na coille, an méid táirgí foraoiseacha, an slabhra caomhnaithe, gnóthaí riaracháin agus an rian a fhágann siad ar chúrsaí sóisialta agus timpeallachta.

Tá an méid sin le moladh, ach is mór idir an beart agus an briathar. Tá sé de dhualgas ar VicForest cuimhneamh ar phostanna i ngnóthaí foraoiseachta; ach is iad an turasoireacht agus na plandálacha a shaothróidh an t-airgead mór feasta agus a sholáthróidh an obair. Is deacair a mhaíomh anois gur gá na seancoillte a leagan ar chor ar bith, más in Victoria nó sa Tasmáin é.



Astú ón Astráil

Australia is intensely vulnerable to climate change, and there is a call for a dramatic drop in emissions – something that may not prove possible.

Ba ghá laghdú 25% a dhéanamh ar astuithe ceaptha teasa⁴ faoin mbliain 2020 chun cuid mhaith de na rudaí is ansa linn a shábháil, de réir mar a deir Fundúireacht Chaomhnaithe na hAstráile (ACF). B'éigean don Astráil neamhní a dhéanamh den tríú cuid den truailliú carbónach ar a laghad. Is iad na háiteanna atá i mbaol bogach forleathan Chacadú sa tuaisceart, an Abhantrach Mhurray-Darling, na réigiúin fhíona, na Trópaicí Fliucha, iardheisceart na hAstráile Thiar, na sléibhte, na coillte, na tránna agus an Líonán Mór. Beidh i bhfad níos mó laethanta loiscneacha ann, beidh sneachta na n-ardán leáite agus beidh an fharraige ag cúngú ar na hísleáin, ag bá tithe agus bóithre. Beidh dhá dhream go háirithe thíos leis: lucht turasoíreachta, sin 480,000 duine a thugann \$37,000 billiún isteach, agus lucht feirmeoireachta, dream ar fiú a gceird \$15 billiún. Agus sin gan trácht ar na Bundúchasaigh, dream a bhfuil baint acu leis na háiteanna úd leis na mílte bliain.⁵

Deir tuarascáil le Ciste Fiadhúlra an Domhain (WWF) go bhfuil Astrálaigh ar an daoine is ciontaí as an iomarca feidhme a bhaint as uisce agus talamh. Astúcháin arda charbóin agus drochmhodhanna grásaeireachta is mó is cúis le cás na tíre. Is baolach go n-imeoidh 99 cineál mamach, 108 cineál éan agus 53 cineál péisteanna in éag lenár linn, de bharr cailleanas gnáthóige, róshaothrú, truailliú agus speicis choimhthíocha.

Chuir Comhairle Cheardchumann na hAstráile agus an ACF tuarascáil amach le déanaí a deir gur mhaith an rud don Astráil leas a bhaint as saothrú na teicneolaíochta glaise, go háirithe maidir le fuinneamh in-athnuaite, le héifeachtúlacht fuinnimh, le tionscail inbhuanaithe uisce, le bithábhair, le foirgnimh ghlasa agus le hathchúrsáil dramhaíola. Tá an Danmhairg, an Ghearmáin agus roinnt tíortha eile chun tosaigh orainn i ngeall ar teicneolaíocht ghréine agus ghaoithe.⁶ Is aisteach an scéal é go ligfimis do thíortha eile an t-aicearra a ghearradh orainn maidir le teicneolaíocht ghréine agus an tír seo chomh te sin cheana, gan trácht ar an téamh atá i ndán dúinn. Bíodh súil againn gur fearr mall ná riamh.

Déanann na gníomhaithe talamh slán de gur féidir laghdú suntasach a dhéanamh ar astú an charbóin, ach ní mór a fhiafraí an féidir fadhb chomh casta sin a fhuascailt go luath agus sainleas an oiread sin grúpaí i gceist. Ní mór a chuimhneamh freisin go bhfágfaidh an dochar a rinneadh cheana a lorg ar an scéal feasta, cuma cén réiteach a dhéanfaí. Níor mhór an t-ionadh é, mar sin, dá dtiocfadh tubaiste éigin anuas sa mhullach orainn d'ainneoin ár ndíochill, rud nach ndearna an gnáthAstrálach mórán machnaimh air go fóill.

Mura mian leat *An Lúibin* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.

⁴ 'Greenhouse emissions': féach www.acmhainn.ie.

⁵ Féach suíomh na Fundúireachta: www.acfonline.org.au.

⁶ Féach freisin píosa le Adam Morton ar *The Age*, 30/10/08.